| | |
|---|---|
| **Teideal an Doiciméid:** | Ráiteas maidir le Coimirciú Leanaí |
| **Cur síos:** | Sa doiciméad seo déantar breac-chuntas ar na nósanna imeachta a gcloíonn Baill Foirne agus Mic Léinn Institiúid Oideachais Marino leo i ndáil le gach ábhar maidir le coimirciú leanaí ag Institiúid Oideachais Marino. |
| **Údar (Post):** | An tUachtarán |
| **Leagan:** | 1 |
| **Faofa Ag:** | An Comhlacht Rialaithe |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Beartais Eile:** | Meitheamh 2023 |

# Ráiteas maidir le Coimirciú Leanaí Institiúid Oideachais Marino

## 1. Comhthéacs

Ainm na Seirbhíse atá á Soláthar:

Institiúid Oideachais Marino – institiúid ardoideachais atá lonnaithe ag Ascaill Uí Ghríofa, mBaile Átha Cliath 9.

## 2. Cuspóir

Cineál na Seirbhíse agus Prionsabail maidir le Leanaí a Chosaint ar Dhochar:

Is pobal teagaisc, foghlama agus taighde é Institiúid Oideachais Marino atá tiomanta do chuimsiú agus do shármhaitheas san oideachas a chur chun cinn. Ag Institiúid Oideachais Marino, tá na mic léinn agus na baill foirne ina mbaill de phobal dinimiciúil teagaisc agus foghlama a thacaíonn lena chéile i seirbhís misin choitinn. Cuirtear in iúl leis an misean sin an traidisiún cúraim trí oideachas a bhunaigh Edmund Rice Beannaithe. Agus beagnach 1,000 mac léinn inti, soláthraíonn Institiúid Oideachais Marino cláir fochéime agus iarchéime san oideachas agus i réimsí gaolmhara. Tá saoráidí comhdhála rathúil ag Institiúid Oideachais Marino ina bhfuil saoráidí comhdhála, seomraí cruinnithe agus saoráidí spóirt atá oiriúnach d'imeachtaí beaga agus móra.

## 3. Ráiteas

I gcomhréir le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, 2017 agus Threoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Coimirciú Leanaí a Ullmhú, d'aontaigh Comhlacht Rialaithe Institiúid Oideachais Marino[1] an Ráiteas maidir le Coimirciú Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Ghlac an Comhlacht Rialaithe[1] na Nósanna Imeachta ábhartha maidir le Cosaint Leanaí[2] agus cuirfidh sé chun feidhme go hiomlán iad gan aon athrú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Coimirciú Leanaí.

## 4. Príomhphearsanra

Is é an duine ábhartha: An Dr Seán Delaney

Is í an Teagmhálaí Ainmnithe (TA): An Dr Julie Uí Choistealbha

Is í an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (Leas-TA): An tUasal Cian 0 Raghallaigh.

Aithníonn an Comhlacht Rialaithe[1] go bhfuil breithnithe maidir le cosaint agus leas leanaí ina gcuid

---

[1] Féach Cód Rialachais agus Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE

[2] Féach an Beartas maidir le Coimirciú: Leanaí, Measúnú Riosca um Choimirciú Leanaí MIEand Foirm maidir le Cosaint agus Coimirciú Leanaí MIE

ní mór gnéithe de shaol na hInstitiúide a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide3.

Cloífidh an Institiúid leis na prionsabail seo a leanas maidir leis an dea-chleachtas i ndáil le cosaint agus leas leanaí.

Déanfaidh an Institiúid an méid seo a leanas:

i. Aithneoidh sí go mbaineann fíorthábhacht le cosaint agus leas leanaí, beag beann ar gach breithniú eile.
ii. Cloífidh sí go hiomlán lena hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus reachtaíocht ábhartha ar bith eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
iii. Comhoibreoidh sí go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
iv. Glacfaidh sí cleachtais shábháilte chun an seans go dtarlódh dochar nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le riosca gan ghá a ghlacadh lena bhfágfaí oscailte iad féin do mhilleán mí-úsáide nó faillí.
v. Beidh meas iomlán aici ar na ceanglais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

## 5. Measúnú Riosca

Rinneamar measúnú ar acmhainneacht ar bith go ndéanfaí dochar do leanbh agus leas á bhaint aige nó aici as ár seirbhísí. Tá sé sin ar fáil in Aguisín 1.

## 6. Nósanna imeachta

Rinneadh ár Ráiteas maidir le Coimirciú Leanaí a fhorbairt i gcomhréir leis na ceanglais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí , 2017 agus Threoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Coimirciú Leanaí a Ullmhú .

Chomh maith leis na nósanna imeachta ata liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár rún leanaí a chosaint agus leas á bhaint acu as ár seirbhís:

i. Nós imeachta maidir le bainistíocht líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in éadan oibrithe/saorálaithe linbh a bhaineann leas as ár seirbhís;
ii. Nós imeachta maidir le hearcaíocht agus roghnú sábháilte oibrithe agus saorálaithe le hoibriú le leanaí;
iii. Nós imeachta maidir le soláthar oiliúna agus faisnéise um choimirciú leanaí agus rochtain orthu, lena n-áirítear teagmhas dochair a shainaithint;

3 Féach Beartais agus Nósanna Imeachta Institiúid Oideachais Marino

iv. Nós imeachta maidir le buarthaí faoi chosaint nó leas leanaí a thuairisciú do TUSLA;
v. Nós imeachta maidir le liosta a choinneáil de dhaoine (más ann dóibh) sa tseirbhís ábhartha ar daoine sainordaithe iad;
vi. Nós imeachta maidir le duine ábhartha a cheapadh. Tá na nósanna imeachta ar fad atá liostaithe ar fáil ar iarratas.

## 7. Cur chun feidhme

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme. Tá ár seirbhís tiomanta do chur chun feidhme an Ráitis seo maidir le Coimirciú Leanaí agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus leas á bhaint acu as ár seirbhís.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo maidir le Coimirciú Leanaí gach bliain nó a luaithe is féidir má thagann athrú ábhartha ar ábhar ar bith dá dtagraítear sa ráiteas.

Sínithe: Teresa O'Doherty

[ar son agus thar ceann Institiúid Oideachais Marino]

Le haghaidh ceisteanna, déan teagmháil leis an Dr Sean Delaney (sean.delaney@mie.ie), an Duine Ábhartha faoin Acht um Thús Áite do Leanaí Act.

## 8. Doiciméid Ghaolmhara

8.1. An tAcht um Thús Áite do Leanaí
8.2. Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017
8.3. Treoir TUSLA maidir le Ráitis maidir le Coimirciú Leanaí a Ullmhú .
8.4. Cód Rialachais
8.5. Cúrsaí a Fhorchoimeádtar do Chomhlacht Rialaithe MIE
8.6. Beartas maidir le Coimirciú: Leanaí
8.7. Measúnú Riosca um Choimirciú Leanaí Institiúid Oideachais Marino
8.8. Foirm maidir le Cosaint agus Coimirciú Leanaí MIE